# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1903 ÓN gCOIMISIÚN

## an 29 Deireadh Fómhair 2021

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 maidir leis na táillí agus na muirir is iníoctha le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus coinníollacha íocaíochta na dtáillí agus na muirear sin

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004 ([1]), agus go háirithe Airteagal 80(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 ón gCoimisiún ([2]) na táillí agus na muirir is iníoctha le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ("an Ghníomhaireacht") chun gníomhaíochtaí ar leith a fheidhmiú agus chun seirbhísí eile dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/796 a sholáthar.

(2) Cé go gcumhdaítear an chuid is mó de na costais a ghintear le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta le buiséad an Aontais, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht le hAirteagal 80(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2016/796 táillí agus muirir a thobhach chun údaruithe (cineálacha) feithiclí, deimhnithe sábháilteachta aonair agus formheasanna an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid ("ERTMS") a eisiúint agus seirbhísí eile a sholáthar freisin. De bhun Airteagal 80(3) de Rialachán (AE) 2016/796, tá méid na dtáillí agus na muirear le socrú ar cibé leibhéal ar a áiritheofar gur leor an t-ioncam ina leith chun costas iomlán na dtascanna arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht agus na seirbhísí arna soláthar aici a chumhdach.

(3) De bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764, tá an Coimisiún le measúnú a dhéanamh ar an gcóras le haghaidh táillí agus muirear uair amháin gach bliain airgeadais. Tá an measúnú sin le bunú ar an measúnú ar thorthaí airgeadais a rinne an Ghníomhaireacht cheana agus ar a meastachán ar an gcaiteachas agus ar an ioncam a bheidh ann amach anseo. I bhfianaise an mheasúnaithe ar thorthaí airgeadais agus réamhaisnéisí na Gníomhaireachta, tá an Coimisiún le táillí agus muirir a leasú, más gá. Tá an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán d'fhonn táillí socraithe a thabhairt isteach ar bhonn céimneach faoin 16 Meitheamh 2022 ar a dhéanaí.

(4) In 2018, nuair a glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764, bhí easpa sonraí iontaofa airgeadais ann toisc nár thosaigh an Ghníomhaireacht ar iarratais a phróiseáil go fóill. Ó bhí 2019 ann, le tuarascálacha bliantúla na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 51(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/796, suitear go mbíonn neamhchomhardú diúltach atá suntasach athfhillteach ag an nGníomhaireacht ina buiséad mar thoradh ar fheidhmiú a róil mar údarás an Aontais atá freagrach as na tascanna deimhniúcháin agus údaraithe dá dtagraítear in Airteagail 14, 20, 21 agus 22 de Rialachán (AE) 2016/796. Tá an neamhchomhardú sin mar thoradh ar leibhéal neamhleordhóthanach na dtáillí agus na muirear a thoibhítear i gcomhréir le hAirteagal 80(2) de Rialachán (AE) 2016/796 chun cúiteamh a dhéanamh ar na costais a bhaineann leis na hiarratais a phróiseáil agus na seirbhísí a sholáthar.

(5) Chun go gcumhdódh an Ghníomhaireacht na costais a bhaineann le hiarratais a phróiseáil, ba ghá cuid de na costais sin a bheith cumhdaithe le buiséad an Aontais. Thairis sin, chun a buiséad a chomhardú, níor mhór don Ghníomhaireacht na gníomhaíochtaí eile a dhéanann sí a laghdú go mór seachas na cinn a mhaoinítear le táillí agus le muirir. De réir dhoiciméid bhliantúla clársceidealaithe aonair na Gníomhaireachta, tugtar le fios leis an réamhaisnéis le haghaidh 2021 agus 2022 go mbeidh riocht airgeadais den chineál céanna ann amach anseo. Is gá córas táillí agus muirear na Gníomhaireachta a leasú dá bhrí sin.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2018 maidir leis na táillí agus na muirir is iníoctha le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus coinníollacha íocaíochta na dtáillí agus na muirear sin (IO L 129, 25.5.2018, lch. 68).

(6) Is cosúil gur gá an ráta in aghaidh na huaire a mhéadú, ráta atá níos lú ná an costas a thabhaíonn an Ghníomhaireacht in aghaidh na huaire chun cinntí a thabhairt d'iarratasóirí ar údaruithe, ar dheimhnithe agus ar fhormheasanna. Dá bhrí sin, ba cheart na rátaí a shainítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 a leasú chun an costas bliantúil a thabhaíonn an Ghníomhaireacht a chumhdach, ar costas é a thabhaítear as iarratais a phróiseáil agus ionad ilfhreastail ("OSS") a chur ar fáil le haghaidh na n-iarratasóirí uile atá ag plé leis an nGníomhaireacht um údaruithe feithiclí Eorpacha, ar dheimhnithe sábháilteachta aonair agus ar fhormheasanna tionscadal ERTMS.

(7) Tá táillí agus muirir á dtobhach ag an nGníomhaireacht go heisiach ag ráta in aghaidh na huaire a ríomhtar ar bhonn an mhéid ama a chaitear chun a cinntí a thabhairt agus a seirbhísí a sholáthar. Ba cheart córas táillí socraithe a thabhairt isteach chun an t-ualach riaracháin a laghdú a thuilleadh agus chun feabhas a chur ar intuarthacht an chostais atá beartaithe in aghaidh an iarratais ar mhaithe leis na páirtithe uile lena mbaineann. Thairis sin, ó bhí 2019 ann, tá taithí faighte ag an nGníomhaireacht agus bhunaigh sí modheolaíocht atá láidir go leor chun an meánchostas ar phróiseáil iarratas aonair a ríomh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag táillí socraithe maidir le próiseáil a dhéanamh ar iarratais a bhaineann le feithicil nó sraith feithiclí a meastar iad a bheith i gcomhréir le cineál feithicle a údaraíodh cheana de bhun Airteagal 25(1) de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(8) Gintear costais mhóra chothabhála agus forbartha le OSS saor in aisce. Dá bhrí sin, ba cheart táillí a íoc as OSS a úsáid nuair is í an Ghníomhaireacht seolaí na n-iarratas a chuirtear faoi bhráid OSS. Ba cheart d'iarratasóirí táillí a íoc ar bhonn rátaí socraithe, ag brath ar thionchar na n-iarratas ar shaoráid OSS i dtéarmaí doiciméad a uaslódáiltear agus a stóráiltear, feidhmiúlachtaí a mbaintear leas astu agus comhráite a dhéantar agus i gcomhréir le costas iomlán measta an chinnidh ábhartha freisin. Thairis sin, i gcás ina gcuirtear an t-iarratas ar chomhréireacht le cineál feithicle faoi bhráid na Gníomhaireachta, ba cheart don táille as OSS a úsáid a bheith ina cuid lárnach den táille iomlán ar údaruithe feithiclí faoi réir táillí socraithe a sholáthar.

(9) Ba cheart do tháillí agus do mhuirir cás sonrach na micrifhiontar, na bhfiontar beag agus na bhfiontar meánmhéide a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart laghdú sonrach a chur i bhfeidhm.

(10) Bunaítear na critéir uile agus an mhodheolaíocht chun leibhéal na dtáillí agus na muirear a shainiú ar an bprionsabal gur cheart don ioncam a fhaightear uathu costas iomlán na seirbhísí a sholáthraítear a chumhdach, agus seachnófar easnamh nó carnadh suntasach barrachais, i gcomhréir le hAirteagal 80(3), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2016/796.

(11) Léiríodh ón taithí ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 a chur i bhfeidhm gur cheart na coinníollacha íocaíochta le haghaidh táillí agus muirear a nuachóiriú agus a choigeartú chun maolú a dhéanamh ar an riosca nach n-íocfaidh iarratasóirí a bhfuil a n-acmhainn airgeadais i mbaol ná iarratasóirí a bunaíodh i dtríú tíortha, ar iarratasóirí iad a bhfuil easpa coimircí leordhóthanacha forfheidhmiúcháin dhlíthiúil ag an nGníomhaireacht ina n-aghaidh. Is iomchuí gur cheart don Ghníomhaireacht na méideanna iníoctha a shonrascadh go luath sa phróiseas iarratais chun an riosca go n-íocfar go déanach iad nó nach n-íocfar iad a laghdú. Tabharfaidh sí roghanna íocaíochta ar líne.

(12) Ós rud é go léiríonn táillí agus muirir caiteachas na Gníomhaireachta ar bhaill foirne agus caiteachas ábhartha díreach a bhaineann leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 80(2) de Rialachán (AE) 2016/796, ba cheart don Ghníomhaireacht na méideanna ábhartha a innéacsú uair amháin gach bliain airgeadais chun an ráta boilscithe agus an nuashonrú bliantúil ar luach saothair bhaill foirne na Gníomhaireachta a chur san áireamh, bunaithe ar shonraí iontaofa.

(13) Ba cheart don Ghníomhaireacht leas iomlán a bhaint as an gcostéifeachtúlacht agus dá bhrí sin, iarracht a dhéanamh ar bhonn leanúnach feabhas a chur ar phróisis a chuirtear i bhfeidhm chun na tascanna a fhorchuirtear uirthi faoi Rialachán (AE) 2016/796 a dhéanamh agus go háirithe raon feidhme na dtascanna agus na n-acmhainní atá ar fáil a mheaitseáil lena chéile. Ar an gcaoi sin, ba cheart di fíorlimistéar Eorpach aonair iarnróid a bhaint amach agus ba cheart di spriocanna bheartas iarnróid an Aontais a chur san áireamh le haghaidh soghluaisteacht níos inbhuanaithe agus níos cliste agus earnáil iarnróid atá nuálach, sábháilte, láidir agus go hiomlán idir-inoibritheach.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 a leasú dá réir.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 51 de Threoir (AE) 2016/797,

([3]) Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Leagtar síos leis an Rialachán seo na táillí agus na muirir is iníoctha le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht') chun iarratais de bhun Airteagail 14, 20, 21 agus 22 de Rialachán (AE) 2016/796 a phróiseáil, lena n-áirítear le haghaidh úsáid iarratasóra as OSS dá bhforáiltear in Airteagal 12 den Rialachán sin chun iarratais a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta agus chun seirbhísí eile a sholáthar i gcomhréir leis na cuspóirí ar bunaíodh an Ghníomhaireacht ina leith. Sonraítear leis freisin an modh atá le húsáid chun na táillí agus na muirir sin a ríomh agus coinníollacha íocaíochta na dtáillí agus na muirear sin.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

*"Airteagal 2*

**Cineálacha táillí agus muirear a thoibhíonn an Ghníomhaireacht**

1. Toibheoidh an Ghníomhaireacht táillí sna cásanna seo a leanas:

(a) chun iarratais a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta trí OSS, mura n-áirítear iad leis na táillí socraithe le haghaidh iarratais a phróiseáil;

(b) chun iarratais a chuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta a phróiseáil, lena n-áirítear na measatacháin dá dtagraítear in Airteagal 4 a eisiúint nó i gcás ina dtarraingíonn an t-iarratasóir an t-iarratas siar;

(c) i gcás ina ndéanann an Ghníomhaireacht cinneadh arna eisiúint i gcomhréir le Treoracha (AE) 2016/798 nó (AE) 2016/797 a athnuachan, a shrianadh, a leasú nó a athbhreithniú.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht táillí a thobhach i gcás ina gcúlghaireann sí údarú le haghaidh cur ar an margadh mar gheall go suitear ina dhiaidh sin nach gcomhlíonann feithicil atá in úsáid nó cineál feithicle na ceanglais bhunriachtanacha i gcomhréir le hAirteagal 26 de Threoir (AE) 2016/797 nó mar gheall nach gcomhlíonann sealbhóir deimhnithe sábháilteachta aonair na coinníollacha le haghaidh deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 17(5) agus (6) de Threoir 2016/798.

2. Cumhdófar na nithe seo a leanas leis na hiarratais dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a) agus pointe (b):

(a) údaruithe chun feithiclí agus cineálacha feithiclí a chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 20 agus Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/796, seachas na cinn sin a shonraítear i bpointe (b) den mhír sin;

(b) údaruithe chun feithicil nó sraith feithiclí a chur ar an margadh, ar feithiclí iad atá i gcomhréir le cineál údaraithe feithicle de bhun Airteagal 25(1) de Threoir (AE) 2016/797;

(c) deimhnithe sábháilteachta aonair i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/796;

(d) cinntí lena bhformheas go bhfuil réiteach trealaimh ERTMS taobh riain i gcomhréir ó thaobh idir-inoibritheachta de le STI ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) 2016/796;

(e) iarratais réamh-rannpháirtíochta i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún agus Airteagal 2(3) agus Airteagal 4(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/763 ón gCoimisiún;

(f) achomhairc dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2016/796 i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán seo.

3. Toibheoidh an Ghníomhaireacht táillí chun seirbhísí a sholáthar seachas na cinn sin dá dtagraítear i mír 1, arna n-iarraidh sin ag iarratasóir nó ag aon duine nó eintiteas eile.

4. Foilseoidh an Ghníomhaireacht liosta seirbhísí ar a suíomh gréasáin.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

*"Airteagal 3*

**Táillí, muirir agus táillí socraithe arna dtobhach ag an nGníomhaireacht a ríomh**

1. Méid na dtáillí le haghaidh OSS a úsáid chun iarratais dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a), (c), (d) agus (e), a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta, is méid socraithe a shonraítear i dtábla A de phointe 2 den Iarscríbhinn a bheidh ann. Beidh an táille shocraithe sin le híoc tráth a chuirtear an t-iarratas isteach.

2. Méid na dtáillí chun próiseáil a dhéanamh ar iarratais dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a), (c), (d) agus (e), lena n-áirítear feidhmiú na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), an chéad fhomhír, pointe (c), agus an dara fomhír, is é iomlán na nithe seo a leanas a bheidh ann:

(a) an líon uaireanta arna gcaitheamh ag foireann na Gníomhaireachta agus ag saineolaithe seachtracha ag próiseáil an iarratais arna iolrú faoi ráta na Gníomhaireachta in aghaidh na huaire a shonraítear i bpointe 1 den Iarscríbhinn;

(b) forlíonfar méid na dtáillí a thoibhíonn an Ghníomhaireacht leis an méid ábhartha a chuireann na húdaráis sábháilteachta náisiúnta ("NSAnna") isteach mar thoradh ar an gcostas chun an chuid náisiúnta den iarratas a phróiseáil.

3. Méid na dtáillí chun na hiarratais sin a chur isteach agus a phróiseáil agus chun na húdaruithe dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b), a eisiúint, is méid socraithe a shonraítear i dtábla B de phointe 3 den Iarscríbhinn a bheidh ann agus áireofar leis an táille chun táille OSS a úsáid dá dtagraítear i mír 1. Beidh an táille shocraithe sin le híoc tráth a chuirtear an t-iarratas isteach.

4. Méid na dtáillí le haghaidh seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(3), is éard a bheidh ann líon na n-uaireanta arna gcaitheamh ag foireann na Gníomhaireachta agus ag saineolaithe seachtracha arna iolrú faoi ráta na Gníomhaireachta in aghaidh na huaire a shonraítear i bpointe 1 den Iarscríbhinn.

5. Arna iarraidh sin ag an iarratasóir, beidh laghdú 20 % ar an méid a thoibhíonn an Ghníomhaireacht le haghaidh iarratais i gcás micrifhiontair, fiontar beag nó fiontar meánmhéide. Déanfar iarraidh den sórt sin tráth a dhéantar an t-iarratas i gcás ina bhfuil feidhm ag táillí socraithe agus ar a dhéanaí, déanfar é sula n-eisíonn an Ghníomhaireacht sonrasc i ngach cás eile.

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide gnóthas iarnróid féinrialaithe, bainisteoir nó monaróir bonneagair, a bunaíodh i stát is ball den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó a bhfuil a shuí aige i gceann de na stáit sin agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ([4]).

Soláthróidh an t-iarratasóir fianaise trí OSS lena gcruthaítear go gcáilíonn sé mar mhicrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide. Déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnú ar an bhfianaise a sholáthraítear agus cinnfidh sí an iarraidh ar stádas mar mhicrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide a dhiúltú i gcás ina bhfuil amhras nó easpa boinn cirt ann.";

(4) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Eiseoidh an Ghníomhaireacht sonrasc le haghaidh na dtáillí agus na muirear atá dlite, laistigh de 30 lá féilire ó na dátaí seo a leanas:

(a) dáta a cinnidh, ach amháin i gcás cinntí a chumhdaítear leis an gcóras táillí socraithe nó atá faoi réir Airteagal 6(3);

(b) dáta an chinnidh ón mBord Achomhairc;

(c) an dáta a tháinig deireadh leis an tseirbhís a chur ar fáil;

(d) an dáta a tarraingíodh an t-iarratas siar;

(e) dáta aon imeachta eile lena gcuirtear deireadh le hiarratas a phróiseáil;

([4]) Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

Maidir le táillí socraithe a bhíonn dlite le híoc tráth a chuirtear an t-iarratas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (3) isteach, sula bpróiseálann an Ghníomhaireacht an t-iarratas, féadfaidh an Ghníomhaireacht dáta dlite eile a chomhaontú le hiarratasóirí aonair mar aon le dul isteach i gcomhaontú speisialta maidir le sonrascadh.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Soláthrófar na nithe seo a leanas leis an sonrasc, i gcás inarb infheidhme:

(a) difreáil idir táillí agus muirir;

(b) méideanna faoi réir táillí socraithe;

(c) i gcás nach bhfuil feidhm ag aon táille shocraithe, líon na n-uaireanta a caitheadh faoi fhreagracht na Gníomhaireachta agus an ráta in aghaidh na huaire a chuirtear i bhfeidhm;

(d) i gcás inarb ábhartha, na costais a ghearr NSA freagrach. Sonrófar iad sin i ndáil leis na tascanna agus an méid ama a chaitear nó i bhfoirm táillí socraithe arna gcur i bhfeidhm ag NSA chun an chuid náisiúnta den iarratas a phróiseáil.";

(c) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

"4a. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 6(3) maidir le hiarratasóirí, beidh sé de cheart ag an nGníomhaireacht fógraí íocaíochta a eisiúint lena n-éilítear páirtíocaíocht le haghaidh na gcodanna den iarratas a próiseáladh cheana. In éagmais na híocaíochta arna hiarraidh laistigh de thréimhse arna socrú ag an nGníomhaireacht ach tréimhse nach lú ná 10 lá féilire, féadfaidh an Ghníomhaireacht próiseáil an iarratais a chur ar fionraí agus an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi. Leanfaidh an Ghníomhaireacht den iarratas a phróiseáil i gcás ina ndéantar an íocaíocht arna hiarraidh laistigh de 20 lá féilire tar éis an fhógra faoin bhfionraí. In éagmais na híocaíochta laistigh de 20 lá féilire tar éis an fhógra faoin bhfionraí, tá sé de cheart ag an nGníomhaireacht an t-iarratas a dhiúltú.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

"9. I gcás inar micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide é an t-iarratasóir, cuirfidh an Ghníomhaireacht san áireamh iarrataí ar shíneadh réasúnta a chur leis an teorainn ama le haghaidh íocaíochta agus ar íocaíocht i dtráthchodanna.";

(5) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. In éagmais íocaíocht na méideanna dlite, féadfaidh an Ghníomhaireacht ús a ghearradh le haghaidh gach lae féilire a bhfuil moill ar an íocaíocht agus cuirfidh sí i bhfeidhm na rialacha maidir le gnóthú dá dtagraítear i gCuid a hAon, Teideal IV, Caibidil 6, Roinn 5 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna gcur i bhfeidhm i leith gníomhaireachtaí Eorpacha, go háirithe Airteagal 101, agus i rialacha airgeadais na Gníomhaireachta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán (AE) 2016/796.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcás ina bhfuil fianaise ag an nGníomhaireacht go bhfuil acmhainn airgeadais an iarratasóra i mbaol nó i gcás nár bunaíodh an t-iarratasóir i dtír is ball den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó nach bhfuil a shuí aige i gceann de na tíortha sin, féadfaidh sí a cheangal ar an iarratasóir ráthaíocht bhainc nó taisce urraithe a sholáthar laistigh de 15 lá tar éis an t-iarratas a fháil. I gcás nach ndéanann an t-iarratasóir amhlaidh, féadfaidh an Ghníomhaireacht a iarratas a dhiúltú.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh an Ghníomhaireacht iarratas nua a dhiúltú nó próiseáil ar iarratas atá ar bun a chur ar fionraí, i gcás nach gcomhlíonann an t-iarratasóir nó a chomharba dlíthiúil a oibleagáidí íocaíochta a eascraíonn as tascanna nó seirbhísí údaraithe, deimhnithe nó formheasta a rinne an Ghníomhaireacht cheana, ach amháin má íocann an t-iarratasóir na méideanna ar fad atá dlite. I gcás ina bhfuil iarratas atá ar bun le cur ar fionraí, beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5, mír 4a, dá réir sin.";

(6) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Foilseoidh an Ghníomhaireacht an ráta in aghaidh na huaire agus na rátaí socraithe dá dtagraítear in Airteagal 3 ar a suíomh gréasáin.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Foilseoidh NSA ar a shuíomh gréasáin na rátaí ábhartha chun na costais arna ngearradh ar an nGníomhaireacht dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b), a bhunú. I gcás ina gcuireann NSA ráta socraithe i bhfeidhm, sonróidh sé an cás údaraithe agus deimhnithe a mbeidh feidhm ag an ráta socraithe maidir leis. Soláthróidh NSA nasc don ghníomhaireacht chuig a shuíomh gréasáin ar a bhfuil faisnéis faoina tháillí agus faoina mhuirir.";

(7) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

"1a. Innéacsóidh an Ghníomhaireacht na méideanna dá dtagraítear san Iarscríbhinn, rud a dhéanfar den chéad uair in 2023 agus a dhéanfar uair amháin gach bliain airgeadais ina dhiaidh sin, le héifeacht ón 1 Eanáir, agus déanfar an t-innéacsú bunaithe ar

(a) an athbhreithniú bliantúil ar luach saothair agus ar phinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm orthu mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, i gcomhréir leis an modh ríomha atá le comhaontú ag Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta agus bunaithe ar na sonraí airgeadais ábhartha bliantúla a úsáidtear i nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair na Gníomhaireachta agus ina tuarascálacha Bliantúla Comhdhlúite Gníomhaíochta; agus/nó

(b) ráta boilscithe an Aontais, i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i bpointe 4 den Iarscríbhinn.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I bhfianaise na faisnéise arna soláthar ag an nGníomhaireacht ina tuarascálacha bliantúla, déanfar athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 16 Meitheamh 2024 ar a dhéanaí d'fhonn táillí socraithe breise a thabhairt isteach ar bhonn céimneach.".

*Airteagal 2*

An téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 mar Iarscríbhinn é.

*Airteagal 3*

I ndáil le hiarratais a chuirtear isteach roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (3), maidir leo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

1. Cuirfidh an Ghníomhaireacht ráta EUR 239 in aghaidh na huaire i bhfeidhm.

2. Is mar seo a leanas a bheidh na táillí socraithe atá le híoc leis an nGníomhaireacht as an ionad ilfhreastail (OSS) a úsáid:

*Tábla A*

| | **Grúpa costais OSS** | **Méid** *(EUR)* |
|---|---|---|
| **Iarratas a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta le haghaidh na nithe seo a leanas:** | | |
| 1. | Deimhniú sábháilteachta aonair | 400 |
| 2. | Údarú cineáil feithiclí | 400 |
| 3. | Údarú feithiclí seachas údarú maidir le comhréireacht le cineál | 400 |
| 4. | Formheas ERTMS taobh riain | 400 |
| 5. | Próiseas réamh-rannpháirtíochta | 400 |

3. Is iad seo a leanas na táillí socraithe le haghaidh iarratais a chur isteach agus a phróiseáil maidir le feithicil nó sraith feithiclí, ar feithiclí iad atá i gcomhréir le cineál údaraithe feithiclí, a chur ar an margadh:

*Tábla B*

| | **Grúpa costais** | **Méid** *(EUR)* |
|---|---|---|
| **Iarratas a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta lena phróiseáil aici le haghaidh cinneadh lena n-údaraítear feithiclí atá i gcomhréireacht le cineál:** | | |
| 1. | vaigíní lastais agus na feithiclí uile dá dtagraítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 ón gCoimisiún ([1]) | 775 |
| 2. | (a) aonaid tarraingthe theirmeacha nó leictreacha;<br>(b) cóistí paisinéirí;<br>(c) trealamh tógála agus cothabhála bonneagair iarnróid soghluaiste | 970 |
| 3. | traenacha féinghluaiste teirmeacha nó leictreacha | 1 115 |

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 ón gCoimisiún an 13 Márta 2013 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras "rothstoc — vaigíní lastais" den chóras iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/861/CE (IO L 104, 12.4.2013, lch. 1).

4. Bunaítear an ráta boilscithe bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 10(1a) mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Ráta boilscithe bliantúil atá le húsáid: | "ICPT Eurostat (Na nithe uile) — An tAontas Eorpach gach tír" (2015 = 100) Athrú céatadáin/meán 12 mhí |
| Luach an ráta atá le cur san áireamh: | Luach an ráta 3 mhí roimh chur chun feidhme an innéacsaithe |